

Scoláireacht Leabharlainne

Is Fostóir Comhdheiseanna í Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Faisnéis d'iarratasóirí

1. Tá Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, i gcomhar le Clár Máistir na Leabharlainne agus na Staidéar Faisnéise (MLIS), Scoil na Staidéar Faisnéise agus Cumarsáide, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, ag tairiscint Scoláireacht bhliana Leabharlainne do chéimí ar mian leis taithí a fháil ar oibriú i leabharlann roimh chúrsa iarchéime a dhéanamh sa Leabharlannaíocht. Tabhair faoi deara nach bhfuil an post seo oscailte dóibh siúd a bhfuil cúrsa iarchéime déanta acu cheana féin sa leabharlannaíocht.
2. Mairfidh an Scoláireacht ar feadh tréimhse de 12 mhí agus cuirfear tús léi i mí Mheán Fómhair 2026. Táthar ag súil go dtabharfaidh an mac léinn faoin gcúrsa iarchéime sa Leabharlannaíocht an bhliain dár gcionn, ag tosú san Fhómhar 2027.
3. Cáilíochtaí
Ní mór d'iarratasóirí céim onóracha ábhartha a bheith acu ó ollscoil aitheanta agus is mian leo gairm bheatha a bhaint amach mar leabharlannaí gairmiúil.
4. Riachtanais
Beidh na nithe seo a leanas ag an iarrthóir rathúil:
 - Scileanna láidre idirphearsanta agus a bheith in ann oibriú mar chuid d'fhoireann
 - Cumas oibriú ar bhealach eagraithe agus táirgiúil le haird láidir ar mhionchruinneas
 - An cumas spriocdhátaí a chomhlíonadh agus a bheith in ann oibriú as a stuaim féin
 - Sárscileanna TF
 - Taithí seirbhíse do chustaiméirí
 - Tá taithí na leabharlainne roimhe seo inmhianaithe, ach níl sé riachtanach

5. Tairgfídh Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann conradh fostaíochta 12 mhí don iarratasóir rathúil.
6. I rith na bliana, sannfar an mac léinn chuig Rannóg na mBailiúcháin Foilsithe (féach Aguisín 1), d'fhonn iad féin a chur ar an eolas faoi theoiric agus cleachtas bunúsach na leabharlainne.
7. Is é an ráta reatha pá bliantúil le haghaidh na Scoláireachta ná €31,921 agus fabhraítear 22 lá saoire bhliantúil.
8. Féadfaidh an Leabharlann Náisiúnta deireadh a chur leis an Scoláireacht, tráth ar bith, i gcás mí-iompair ón mac léinn nó teip leanúnach ar chúis ar bith chun na dualgais a shanntar dó/di a chomhlíonadh go sásúil.
9. Ba chóir d'iarratasóirí Curriculum Vitae agus litir chumhdaigh a sheoladh. Ba chóir go léireodh an litir chumhdaigh spéis na n-iarratasóirí sa Scoláireacht Leabharlainne ag an NLI agus go ndéanfar cur síos ar an taithí leabharlainne ábhartha.

Tabhair faoi deara: Níor chóir go mbeadh an litir chumhdaigh níos faide ná 1 leathanach agus níor chóir go mbeadh an Curriculum Vitae níos faide ná 2 leathanach.

Ba chóir go mbeadh doiciméadú iarratais i ndoiciméad **PDF amháin** agus é a sheoladh trí r-phost chuig Aonad Acmhainní Daonna an NLI ag careers@nli.ie

10. Is é an dáta deiridh do gach iarratas ná **17 Iúil 2026 ag 3.00 p.m.** Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an spriodhata sin. Tá sé de fhreagracht ar iarrthóirí a chinntiú go bhfaightear a n-iarratas in am.
11. Déanfar gearrliostú ar iarrthóirí ar bhonn an eolais atá ina n-iarratais.
12. Éileofar ar iarrthóirí a n-éiríonn leo san agallamh dul faoi sheiceálacha réamh-fhruilithe lena n-áirítear tagairtí a sholáthar agus dearbhú sláinte agus carachtar.
13. Beidh agallaimh ar siúl i mí an Lúnasa. Is iad na hiarrthóirí atá freagrach as a bheith ar fáil le dul faoi agallaimh ar an dáta sannta.
14. Coinníonn an Leabharlann an ceart acu féin na fiosruithe uile a mheasann siad a bheith riachtanach a dhéanamh maidir leis an iarrthóir sula dtairgfear Scoláireacht dóibh.

Aguisín 1

Clár Scoláireachta Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Teideal an Phoist: Scoláireacht Leabharlainne
Conradh Sealadach ar Théarma Seasta (12 mhí)

Rannóg Leabharlainne: Bailiúcháin Foilsithe

Clár Scoláireachta: Tá an post á thairiscint faoi Chlár Scoláireachta Leabharlann Náisiúnta na hÉireann do chéimithe ar mian leo taithí a fháil ar obair i leabharlann, sula dtugann siad faoi chúrsa iarchéime sa Leabharlannaíocht.

Oibreoidh an mac léinn i Rannóg na mBailiúcháin Foilsithe i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

Príomhdhualgais

I measc na ndualgas tá an méid seo a leanas, ach níl sé teoranta dóibh:

- Cabhrú le fáil agus catalógú bailiúchán foilsithe, lena n-áirítear leabhair, paimfléid, tréimhseacháin agus nuachtáin;
- Foghlaim conas catalógú a dhéanamh de réir na gcaighdeán idirnáisiúnta;
- Obair tionscadail áirithe a d'fhéadfadh teacht chun cinn i rith na bliana agus dualgais eile de réir mar is cuí;
- Ag obair leis an bhfoireann Seirbhísí Léitheora ag forbairt sainseirbhíse do chustaiméirí agus scileanna idirphearsanta;
- Dualgais eile de réir mar is cuí.

Scileanna Ginearálta a Bheidh ag Teastáil

Beidh na nithe seo a leanas ag an iarrthóir rathúil:

- Scileanna láidre idirphearsanta agus a bheith in ann oibriú mar chuid d'fhoireann;
- Cumas oibriú ar bhealach eagraithe agus táirgiúil le haird láidir ar mhionchruinneas;
- An cumas spriocdhátaí a chomhlíonadh agus a bheith in ann oibriú as a stuaim féin;
- Sárscileanna TF;
- Taithí seirbhíse do chustaiméirí;
- Tá taithí leabharlainne roimhe seo inmhianaithe.

Foghlaim

Ón rannpháirtíocht sa chlár scoláireachta, déanfaidh mic léinn an méid seo a leanas:

- Eolas praiticiúil a fháil ar phróisis fála agus catalógaithe;
- Tuiscint leathan a fhorbairt ar thimpeallacht shuntasach leabharlainne/faisnéise;
- Deis a bheith acu dul i dtraithí ar Bhailiúcháin Fhoilsithe Leabharlann Náisiúnta na hÉireann;
- Scileanna seirbhíse do chustaiméirí a fhorbairt.